# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrhóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA 1: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) (a) Cén chomhairle a chuir Peiricléas ar na hAithnigh faoi stiúradh an chogaidh in aghaidh Sparta? (30)

(b) An raibh Peiricléas ina cheannaire maith ar an Aithin, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) I Meitheamh 415 R.Ch., díreach sular sheol an tSluaíocht chun na Sicile amach, dhúisigh muintir na hAithne agus fuair siad amach go ndearnadh díothú ar na Hermae.

(a) Cérbh iad na Hermae? (10)

(b) Mínigh conas mar a thug díothú na Hermae ar Alcaibiaidéas an tSluaíocht chun na Sicile a thréigean. (40)

(iii) In 416 R.Ch., rinne na hAithnigh éileamh ar mhuintir oileán Mhéileas iad féin a thabhairt suas.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí a rinne na hAithnigh. (20)

(b) Conas a d'fhreagair na Méileasaigh do na hAithnigh? (20)

(c) Cad a tharla do na Méileasaigh ar deireadh ? (10)

(iv) Scríobh nótaí ar **bheirt ar bith** díobh seo a leanas:

Déamastainéas, an Ginearál Aithneach; Brasadas, an Ginearál Spartach; Archidamus, an Rí Spartach. (25, 25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Cad ab ea an tSnaidhm Ghoirdiach? (15)

(b) Déan cur síos ar conas a réitigh Alastar an dúcheist a bhain leis an tSnaidhm Ghoirdiach. (25)

(c) Cad a insíonn an teagmhas seo dúinn faoi charachtar Alastair? (10)

(ii) (a) Conas a chuir Alastar an dallamullóg ar an rí Indiach, Póras, d'fhonn abhainn an Hiodaispéas a thrasnú? (20)

(b) Cérbh iad na mórfhadhbanna a bhí ag Alastar agus an abhainn á trasnú aige agus sa chath féin? (20)

(c) Conas a chaith Alastar le Póras i ndiaidh an chatha? (10)

(iii) An aontaíonn tú gur éirigh a mheon agus a iompar níos measa fad a bhí Alastar ag éirí níos cumhachtaí? Pléigh an tuairim seo agus bíodh tagairt agat don téacs dualgais. (50)

(iv) In Opis sa bhliain 324 R.Ch., d'éirigh trúpaí Alastair ón Macadóin amach ina aghaidh.

(a) Cad ba chúis leis an éirí amach seo? (15)

(b) Dar le hAlastar ina óráid dá thrúpaí, cén fáth ar chóir do na saighdiúirí ón Macadóin a bheith buíoch de agus dá athair Pilib? (35)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) "Idir an dá linn, bhí bagairt Sheartóirias ar crochadh ar nós scamaill thar an Róimh." (Plútarc, *Beatha Phoimpéis*)

(a) Cérbh é Seartóirias ? (10)

(b) Déan cur síos ar fheachtas Phoimpéas in aghaidh Sheartóirias. (30)

(c) Conas a fuair Seartóirias bás? (10)

(ii) (a) Dar le Cicearó in *Buntáistí Aiceanta na Róimhe*, cén fáth a bhfuil sé níos fearr do chathracha gan a bheith suite cois farraige? (30)

(b) I dtuairim Chicearó, cad iad na buntáistí aiceanta eile a bhaineann leis an Róimh? (20)

(iii) Cad a insíonn Iúil Caesar dúinn maidir leis an mBreatain agus na Briotanaigh faoi **dhá cheann** ar bith de na teidil seo a leanas:

a) modhanna cogaíochta

b) tíreolaíocht

c) cuma fhisiciúil agus éadaí? (25, 25)

(iv) (a) Cad a d'fhoghlaim tú ó na dánta atá ar do chúrsa faoin gcumann grá idir Catallus agus Lesbia? (40)

(b) An bhfuil tú báúil le Catallus? Mínigh do fhreagra. (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar shaol agus ar bhás Iúilia, iníon aonair Ágastas. (35)

(b) Conas ar chaith Ágastas le hIúilia, dar leat? (15)

(ii) Dar le Séatóinias ina leabhar *Beatha Ágastas*, bhíodh Ágastas ag dúiseacht le béic: "A Varus, tabhair mo léigiúin ar ais dom!"

(a) Tabhair cuntas ar na tubaistí a d'fhulaing na léigiúin Rómhánacha faoi Varus sa Ghearmáin. (40)

(b) Cén tionchar a d'imir an tubaiste seo ar phlean Ágastas chun an Ghearmáin a chur faoina smacht? (10)

(iii) (a) Cé na bearta a rinne an tImpire Ágastas chun na Rómhánaigh a spreagadh le pósadh agus clanna móra a thabhairt ar an saol? (35)

(b) Scríobh nóta ar Livia, bean chéile Ágastas. (15)

(iv) Tabhair breac-chuntas ar ghníomhréim Thibir suas go dtí bás Ágastas. (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

### Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, nuair a fhaigheann an fáidh Tiresias gairm chun cainte le hÉideapús, diúltaíonn sé a rá cad atá ar eolas aige.

(a) Cad é freagairt Éideapús agus cad a chuireann sé i leith Tiresias nuair a dhiúltaíonn an fáidh labhairt? (25)

(b) Cad a insíonn Tiresias d'Éideapús ar deireadh nuair a chuirtear brú air labhairt? (25)

(ii) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, tabhair cuntas ar an teacht le chéile idir Méidé agus an Rí Aegeus. (30)

(b) Cén tábhacht a bhaineann leis an radharc seo i bpleananna Mhéidé le díoltas a bhaint amach? (20)

(iii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cé na cúiseanna a thugann Éideapús mar gheall ar é féin a dhalladh agus gan lámh a chur ina bhás féin? (30)

(b) Cén todhchaí a thuarann Éideapús dá bheirt iníonacha i ndiaidh dó imeacht? (20)

(iv) Léirigh na bealaí ina bhfuil páistí tábhachtach do na carachtair sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (50)

---

### Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, cén chomhairle a thug an sagart Laocoon do mhuintir na Traí faoin gCapall Adhmaid? (15)

(b) Déan cur síos ar conas mar a fuair Laocoon bás. (25)

(c) Cén tionchar a bhí ag bás Laocoon ar mhuintir na Traí? (10)

(ii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, cén cleas a úsáideann Péinealaipé ionas nach mbeidh uirthi duine ar bith de na Suirígh a roghnú mar fhear céile? (15)

(b) Déan cur síos ar an radharc ag deireadh na *hOdaisé* ina dtagann Péinealaipé agus Odaiséas le chéile arís faoi dheireadh. (25)

(c) Cad é do mheas ar Phéinealaipé? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) (a) Inis an scéal faoi chasadh Odaiséas ar an gCioclóp san *Odaisé* le Hóiméar. (40)

(b) An dóigh leat go raibh locht ar bith ar Odaiséas mar gheall ar an rud a tharla sa teacht le chéile seo? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iv) I Leabhar 6 den *Aeinéid* le Veirgil, téann Aeinéas síos sa Domhan Thíos.

(a) Déan cur síos ar an radharc a fheiceann Aeinéas nuair a shroicheann sé bruach abhainn an Stiocs. (15)

(b) Conas a mhíníonn an tSibil an radharc seo d'Aeinéas? (10)

(d) Cén t-eolas faoina thodhchaí féin agus faoi thodhchaí a shleachta a thugann Anchises dá mhac, Aeinéas? (25)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Na Mná Saibíneacha* le Livias, déan cur síos ar conas mar a fuair Romalas agus na fir Rómhánacha eile a mná céile. (35)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar *Na Mná Saibíneacha*, cad a d'fhoghlaim tú mar gheall ar mheon luath na Rómhánach faoi mhná céile agus faoi na mná i gcoitinne? (15)

(ii) (a) In *Oirféas agus Eoraidicé* le Veirgil, déan cur síos ar conas mar a chailleann Oirféas a bhean chéile faoi dhó. (30)

(b) De réir Veirgil, conas a fhaigheann Oirféas bás ? (10)

(c) An bhfuil an dán seo corraitheach, dar leat? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat don dán. (10)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Phroipeirtias ar do chúrsa, conas a dhéanfá cur síos ar dhearcadh an fhile ar mhná i gcoitinne agus, go háirithe, ar Cynthia? (50)

(iv) Cén dearcadh ar an saol agus ar an mbás a fhaigheann tú sna dánta le Horáit ar do chúrsa? (50)

---

**GRÚPA III: Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** Teampall Héire in Paestum.

(a) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach inar tógadh an teampall seo? (10)

(b) Cén fhianaise atá ann go bhfuil dáta an teampaill seo níos luaithe ná dáta an Phartanóin san Aithin? (25)

(c) Ainmnigh na gnéithe atá marcáilte **a**, **b** agus **c** ar **Fhótagraf A**. (15)

(ii) Féach ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X.**

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál seo deilbhe? (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (10)

(c) Cad iad na gnéithe den dealbh seo atá tipiciúil den tréimhse seo? (30)

(iii) Féach ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén dá dhia a thaispeántar sa dealbhóireacht seo? (10)

(b) Cé a rinne an dealbhóireacht seo? (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (10)

(d) Cad iad na gnéithe den dealbhóireacht seo atá tipiciúil den tréimhse seo? (20)

(iv) Féach ar **Fhótagraf D** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén radharc a léirítear sa dealbhóireacht seo? (15)

(b) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo tipiciúil den dealbhóireacht Heilléanaíoch? (25)

(c) An dtaitníonn an dealbhóireacht seo leat? Mínigh do fhreagra. (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) Roinn Platón na saoránaigh ina stát idéalach i dtrí aicme.

(a) Cén scéal nó 'Miotás Iontach' a d'insíodh sé do na saoránaigh ionas go nglacfaidís leis an aicmiú seo? (25)

(b) Mínigh an ról a bhain le **gach ceann** de na trí aicme. (15)

(c) Samhlaigh go bhfuil tú i do chónaí i stát idéalach Phlatón. Cé acu ceann de na trí aicme seo ar mhaith leat a bheith inti? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Cad iad na rialacha a leagann Sócraitéas síos dá chuid Cosantóirí faoi bhia, faoi thithíocht agus faoi réadmhaoin phríobháideach? (40)

(b) Cén fáth go seasann Sócraitéas ar na rialacha seo? (10)

(iii) (a) Scríobh cuntas ar Fháthscéal na hUaimhe le Platón. (35)

(b) Cad is brí leis an tsamhail seo, dar leat? (15)

(iv) (a) Conas a mhíníonn Sócraitéas bunús na sochaí? (25)

(b) Conas a théann Sócraitéas ar aghaidh le taispeáint conas mar a fhásann an tsochaí bhunaíoch seo ina sochaí shibhialaithe? (25)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) (a) Ainmnigh an t-uiscerian a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Déan cur síos iomlán ar an uiscerian seo. (30)

(c) Cén fáth a ndéanann Wheeler cur síos air mar eiseamláir den "caoinbhéas feidhmiúil"? (10)

(ii) (a) Ainmnigh an séadchomhartha a léirítear i bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Cén feachtas a ndéantar comóradh air leis an séadchomhartha seo? (10)

(c) Déan cur síos ar an séadchomhartha le taispeáint conas mar a "oibríonn an stíl leanúnach", i bhfocail Wheeler. (30)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** péintéireacht bhalla ó Phoimpé.

(a) Ainmnigh an dá phríomhfhigiúr sa phéintéireacht seo. (10)

(b) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phéintéireacht seo. (20)

(c) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir drámaíocht agus teannas an radhairc a chur in iúl? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach in Orange i ndeisceart na Fraince.

(a) Déan cur síos ar dhearadh foriomlán na hamharclainne seo. (20)

(b) Déan cur síos ar an *scaenae frons* (an cúlradharc) san amharclann seo. (20)

(c) Conas a rinneadh an lucht féachana a chosaint ón ngrian agus ón mbáisteach in amharclann dá leithéid? (10)

---

# LEATHANACH BÁN

# LEATHANACH BÁN